

# Ráitis (T1) do Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí (CSSS): Nótaí an mhúinteora

Tugann *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1)* cur síos mionsonraithe ar fhoghlaim na Gaeilge sa tsraith shóisearach i dtaca le gach scoláire i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá an tsonraíocht ar fáil ar shuíomh CNCM: [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

Ráitis iad na ráitis CSSS (JCSP) atá mar ábhar tacaíochta agus mar scafall don teagasc agus don fhoghlaim do scoláirí atá ag tabhairt faoi Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí. Ní chuimsíonn na ráitis ach cuid den fhoghlaim atá i gceist le sonraíocht na Gaeilge ach is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint astu chun tacú le foghlaim an scoláire i réimsí den fhoghlaim atá i gceist sa tsonraíocht.

Ní chuireann uimhreacha Ráitis CSSS ord tábhachta in iúl. Tá saoirse ann tabhairt faoi pé ráitis is oiriúnaí do chomhthéacs an rang-ghrúpa agus don fhoghlaim a bheidh mar thoradh ar aonaid foghlama a eascraíonn as torthaí foghlama *Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1)*. Is ráitis iad torthaí foghlama (TFanna) na sonraíochta a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Is scafall iad Ráitis CSSS a thacaíonn leis an scoláire cuid den fhoghlaim atá i gceist sna TFanna a bhaint amach.

## Cur chuige comhtháite

Cur chuige comhtháite atá i gceist sa tsonraíocht: ní mór cuimhneamh gur chóir na scileanna teanga ar fad a chur chun cinn i ngach rang agus i ngach aonad foghlama. Beidh an fhorbairt atá ar bun ag scoláire i scil teanga amháin ag tarraingt ar agus ag cur leis na scileanna teanga eile. Tapaítear an deis chun na scileanna teanga ar fad a chothú le chéile.

Meabhraítear do mhúinteoirí go bhfuil póstaer chun tacú le scoláirí scil an mhachnaimh a fhorbairt ar fáil le híoslódáil ó rannán na Gaeilge ar an suíomh [www.jct.ie](http://www.jct.ie) ag an nasc seo a leanas ach scrolláil síos an leathanach:

[https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t1\\_cpd\\_workshop\\_three\\_ga](https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t1_cpd_workshop_three_ga)

## Nótaí breise don mhúinteoir

Tugtar roinnt sonraí breise thíos a d'fhéadfadh a bheith cuiditheach agus tú i mbun pleanála ar úsáid na ráiteas. Luaitear uimhir na sprice a bhfuiltear ag tagairt di i ngach cás.

## Ráiteas 1:

**(3) Treoir agus aiseolas:** Mar shampla, moltaí an mhúinteora maidir leis an gcéad chéim eile chun dul chun cinn a dhéanamh; aiseolas ó bhéal nó i scríbhinn; ceistiúchán cuí chun tacú le scoláire teacht ar thuiscint níos fearr agus araile.

**(6) Nithe a thugann spreagadh dom:** Mar shampla, spraoi, cumarsáid, taisteal, nasc leis an bpobal teanga, léargas ar an gcultúr / oidhreacht, saibhriú teanga, sásamh a bhaint as an ngramadach a thuiscint, buntáistí an dátheangachais / ilteangachais agus araile.

**(9) Meáin chumarsáide na Gaeilge:** Mar shampla, alt ó [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie) nó alt Gaeilge in iris nó i nuachtán eile; clár ar TG4, clár ar Raidió na Gaeltachta nó clár Gaeilge ar stáisiún raidió áitiúil / réigiúnda; suíomh idirlín; na meáin shóisialta agus araile.

**(10) Réimse níos leithne daoine sa phobal teanga:** Comhscoláirí lasmuigh de mo rang-ghrúpa; múinteoirí agus baill foirne eile ar scoil; pobal Gaeilge lasmuigh den scoil; úsáideoirí canúna eile agus araile.

## Ráiteas 2:

**Cumas Cumarsáide:** Cur chuige comhtháite atá i gceist i *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1)* agus ní mór cuimhneamh gur chóir na scileanna teanga ar fad a chur chun cinn i ngach rang agus i ngach aonad foghlama. Chomh maith leis sin, ba chóir Torthaí Foghlama ó na trí shnáithe a chomhtháthú i ngach aonad foghlama. Tacaíonn agus cothaíonn Feasacht Teanga agus Chultúrtha (Snáithe 2) agus Féinfheasacht an Fhoghlaimeora (Snáithe 3) le Cumas Cumarsáide an scoláire.

**(2) Acmhainní foghlama teanga:** Mar shampla: cinn chlóite *iontaofa* (foclóirí agus graiméir san áireamh) nó suíomhanna gréasáin *iontaofa* ar nós iad seo a leanas:

- [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie)
- [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie)
- [www.abair.tcd.ie](http://www.abair.tcd.ie),
- Fís agus Foghlaim ar [www.gaelchultur.com](http://www.gaelchultur.com)
- [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie)

**(3) Téarmaí gramadaí:** Mar shampla: an chopail 'is', ainmfhocal, uatha, iolra, firinscneach, baininscneach, aidiacht, réamhfhocal, séimhiú, urú, guta leathan / guta caol, consan leathan / consan caol, briathar rialta, briathar neamhrialta, an aimsir láithreach, an aimsir chaite, an aimsir ghnáthchaite, an aimsir fháistineach, an modh coinníollach, an modh ordaitheach, réamhfhocal comhshuite, fréamh an bhriathair, fréamh an fhocail, uimhreacha, na tuisil srl.

**(5) Téacsanna de chineálacha difriúla:** Téacsanna ó bhéal agus téacsanna scríofa san áireamh.

**Samplaí de théacsanna ó bhéal:** teachtaireacht ghutha, cur i láthair, comhrá, agallamh, lúbín nó agallamh beirte, díospóireacht, taibhiú ar amhrán / ar dhán / ar dhrama beag a chum an scoláire, scéal a insint a chum an scoláire féin, físeán beag le fuaim (osghuthú nó dialóg) agus cineálacha téacsanna eile nach iad. **Samplaí de théacsanna scríofa:** téacsteachttaireacht, giolc, blag, gearrscéal, dialann, amhrán / dán / dráma a chum an scoláire féin, díospóireacht, freagairt phearsanta do théacs agus cineálacha téacsanna eile nach iad.

**(6) Réimse stíleanna:** Ag úsáid réim chuí teanga. Mar shampla: teanga fhoirmeálta nó teanga neamhfhoirmeálta, teanga fhileata nó gnáththeanga, drochtheanga (teanga bharúil) nó teanga bhéasach, teanga shimplí nó teanga chasta, teanga pháistiúil nó teanga an duine fhásta agus araile.

**(7) Suíomh eile seachas ar scoil:** Mar shampla i saol an teaghligh, i saol an phobail, i saol an spóirt, i mo shaol sóisialta, i mo chaitheamh aimsire.

### Ráiteas 3:

**Gné de Litríocht na Gaeilge:** Meabhraítear do mhúinteoirí go bhféadfaí an ráiteas seo ar sheánraí na drámaíochta agus na scannánaíochta a chur in oiriúint do staidéar ar sheánraí eile.

**(7) Meán digiteach:** Mar shampla, aipeanna agus feidhmchláir ar nós Adobe Spark, Powtoon, Tellagami, Mentimeter, Kahoot, Piktochart, Coggle, Puppetpals, Edmodo agus cinn eile nach iad, chun cabhrú leis an scoláire ábhar ó bhéal nó i scríbhinn a thaifead (agus/nó a roinnt le comhscoláirí).

**(10) Patrúin na teanga:** mar shampla, struchtúr abairte agus comhréir / ord nabhfocal.

**(11) Taibhiú:** Mar shampla, mír as an dráma a chur i láthair os comhair an rang-ghrúpa sa seomra ranga / os comhair ranga eile / os comhair na dtuismitheoirí i halla na scoile / nó os comhair an phobail in amharclann an bhaile.

### Ráiteas 4:

**Litríocht áitiúil / bhéil:** Mar shampla, scéalta béaloidis, amhráin ar an sean-nós ón gceantar (nó amhráin nua-chumtha), rannta nó ortha áitiúla, seanchas na ndaoine faoi logainmneacha nó eile, scríbhneoirí / filí / cumadóirí áitiúla comhaimseartha nó a macasamhail atá imithe ar shlí na fírinne, téacsanna a aimsítear i gcartlann áitiúil nó i gcartlann náisiúnta agus araile. (Féach foinsí áitiúla féideartha thíos).

**(1) Foinsí logánta:** Mar shampla, seanchaí áitiúil, tuismitheoir / caomhnóir / seantuismitheoir, ionad oidhreachta sa cheantar (nó *sa cheantar atá roghnaithe ag an múinteoir agus ag an rang* chun staidéar a dhéanamh air ó thaobh litríochta béil / áitiúil de), grúpa oidhreachta, Oireachtas na Gaeilge agus foinsí eile nach iad.

**(2) Foinsí ar líne:** Dornán foinsí féideartha thíos mar fhéidearthachtaí:

- Cnuasach Bhéaloideas Éireann ([www.duchas.ie](http://www.duchas.ie))
- Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen ([www.doegen.ie](http://www.doegen.ie))
- [www.bealoideasbeo.ie](http://www.bealoideasbeo.ie)
- [www.cartlann.ie](http://www.cartlann.ie)
- Bailiúchán na Scol (UCD; ar fáil ar líne)
- Taisce Cheol Dúchais Éireann ([www.itma.ie](http://www.itma.ie))
- Cartlann TG4
- Cartlann Raidió na Gaeltachta
- Cartlann RTÉ

**(3) Seánra:** An cineál téacs atá i gceist. Mar shampla, seanchas faoi logainm, laochscéal ón bhFiannaíocht/Rúraíocht, dán le file áitiúil, gearrscéal nó úrscéal le húdar áitiúil, amhrán ar an sean-nós, amhrán ceol tíre a cumadh go háitiúil (nó sa cheantar a bhfuilimid i mbun staidéir air), ortha na seandaoine, rann atá i mbéal an phobail srl

**(4) Stíl an téacs:** Coinbhinsin litríochta nó tréithe an bhéaloidis a bhaineann leis an téacs.

**(8) Leaganacha éagsúla:** Mar shampla amhrán a bhfuil dhá leagan de i mbéal an phobail.

## **Ráiteas 5:**

**(1) Foinsí taighde oiriúnacha nó foinsé eolais:** Mar shampla, saineolaí nó duine atá ar aithne agam; leabhar, sainfhíseán nó clár faisnéise; cartlann; suíomh ar líne agus araile.

**(6) Na meáin dhigiteacha mar fhoinsé eolais:** Sa chás seo, an cineál suímh atá i gceist ná sainshuíomhanna ar an idirlíon atá aitheanta as a bheith ina bhfoinsí *iontaofa* eolais nó a bhfuil fianaise ann maidir leis an saineolas atá ar fáil orthu i dtaca le litríocht áitiúil / béil. Tá dornán samplaí féideartha luaite thíos ach aimseoidh an scoláire / an rang-ghrúpa cinn eile a bhaineann lena rogha cheantair:

- Bunachar Logainmneacha na hÉireann ([www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)),
- Cartlann Taisce Cheol Dúchais Éireann ([www.itma.ie](http://www.itma.ie)),
- An Bunachar Naisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge ([www.ainm.ie](http://www.ainm.ie))
- Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge (<http://portraidi.ie>)

**(7) Na meáin dhigiteacha mar mheán cumarsáide:** Mar shampla, aipeanna agus feidhmchláir ar nós Adobe Spark, Powtoon, Tellagami, Mentimeter, Kahoot, Piktochart, Coggle, Puppetpals, Edmodo agus cinn eile nach iad, chun cabhrú leis an scoláire ábhar ó bhéal nó i scríbhinn a thairfead agus/nó a roinnt le comhscoláirí.

# Réimse Taithí: T1Gaeilge

**Gaeilge**

Dalta:

Rang:

**Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh tá sé ar chumas an dalta:**

- GAJC1 T1: M'aistear foghlama mar bhall den phobal teanga**
- GAJC2 T1: Ag forbairt mo chumas cumarsáide**
- GAJC3 T1: Mo rogha ghné de Litríocht na Gaeilge**
- GAJC4 T1: Litríocht áitiúil / bhéil a théann i gcion orm**
- GAJC5 T1: Gné de phobal agus de chultúr na Gaeilge atá tábhachtach dom**

# T1: M'aistear foghlama mar bhall den phobal teanga

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: GAJC1

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam  | Dul chun cinn déanta  | Táim in ann

- Úsáidim focail, nathanna, struchtúir agus eolas atá nua-shealbhaithe agam.
- Leagaim aidhmeanna pearsanta foghlama amach dom féin sa Ghaeilge agus déanaim cinntí faoin gcéad chéim eile den fhoghlaim.
- Lorgaim, tuigim agus úsáidim treoir agus aiseolas ó mo mhúinteoir, ó mo chomhscóláirí agus ó úsáideoirí Gaeilge eile.
- Tugaim aiseolas do mo mhúinteoir, do mo chomhscóláirí agus d'úsáideoirí Gaeilge eile.
- Cabhraim le mo chomhscóláirí agus lorgaim cabhair orthu agus sinn ag foghlaim le chéile.
- Aithním agus ainmním na nithe a thugann spreagadh dom forbairt a dhéanamh ar m'inniúlacht sa Ghaeilge agus i dteangacha eile.
- Aithním cosúlachtaí agus difríochtaí idir an Ghaeilge agus teangacha eile agus déanaim iad a phlé.
- Aithním na buntáistí a bhaineann le bheith ilteangach agus déanaim iad a phlé.
- Mar thoradh ar an úsáid a bhainim as meáin chumarsáide na Gaeilge tuigim na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a úsáid gach lá.
- De bharr go bhfuilim ag cur leis an gcruinneas agus saibhreas teanga atá agam, úsáidim an Ghaeilge le réimse níos leithne daoine sa phobal teanga.

### Féinmhachnamh...

Rud a tháinig go héasca chugam ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo, músclaíodh (spéis / suim / bród / fiosracht / tuiscint níos doimhne) ionam i leith...

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...

# T1: Ag forbairt mo chumas cumarsáide

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: GAJC2

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam  | Dul chun cinn déanta  | Táim in ann

- Aithním** agus **tuigim** an Ghaeilge atá le cloisteáil agus le feiceáil mórthimpeall orm.
- Bainim úsáid** as foclóirí agus acmhainní foghlama teanga eile chun cuidiú liom an Ghaeilge a thuiscint agus a úsáid.
- Tuigim** a bhfuil i gceist le téarmaí gramadaí na Gaeilge agus **úsáidim** na téarmaí sin.
- Aithním** ord na bhfocal, struchtúir agus patrúin ghramadaí na Gaeilge agus bíonn mo chuid Gaeilge cruinn dá bharr.
- Cruthaím** téacsanna ó bhéal agus téacsanna scríofa de chineálacha éagsúla.
- Cruthaím** téacsanna ó bhéal agus téacsanna scríofa i réimse stíleanna a léiríonn tuiscint ar an lucht éisteachta / lucht léite.
- Cuirim** agus **coimeádam** comhrá sa tsiúl i suíomh eile seachas ar scoil.
- Tugaim** úsáideoirí sármhaithe **faoi deara** agus **déanaim aithris ar** dhea-úsáid teanga s'acu.
- Cuirim** mo thuairimí **ina luí** ar an lucht éisteachta/léite atá agam agus míním cén fáth go/nach n-aontaím le tuairimí daoine eile.
- Bainim** leas as na scileanna teanga atá agam cheana féin sa Ghaeilge chun úsáideoirí i gcanúint eile a thuiscint.

### Féinmhachnamh...

Rud a tháinig go héasca chugam ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo, músclaíodh (spéis / suim / bród / fiosracht / tuiscint níos doimhne) ionam i leith...

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...

# T1: Mo rogha ghné de Litríocht na Gaeilge

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: GAJC3

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam  | Dul chun cinn déanta  | Táim in ann

#### Tar éis dom breathnú ar dhráma nó scannán (nó páirt a ghlacadh i ndráma):

- Cuirim in iúl cén fáth ar roghnaigh mé an dráma (scannán) agus an fáth go dtaitníonn sé (nó nach dtaitníonn sé) liom.
- Aithním agus fiosraím teachtaireachtaí an dráma (an scannán).
- Déanaim cur síos ar an gcúlra agus ar an scéal atá sa dráma (scannán).
- Aithním agus úsáidim an téarmaíocht a bhaineann le stáitsiú, trealamh, soilsiú, feisteas agus an fearas stáitse cuí.
- Cuirim tuairimí pearsanta faoin dráma (scannán) in iúl ó bhéal agus i scríbhinn.
- Lorgaim smaointe ó mo chomhscóláirí faoin dráma (scannán) a roghnaigh an rang.
- Úsáidim meán digiteach chun mo thuairimí faoin dráma (scannán) a roinnt.
- Déanaim ról carachtair ar leith a mhiniú agus pléim tréithe an charachtair sin.
- Aithním agus pléim tionchar carachtair ar leith ar an bplota.
- Tugaim struchtúir agus patrúin na teanga agus nathanna nádúrtha na Gaeilge faoi deara agus úsáidim iad i gcomhthéacsanna eile.
- Déanaim taibhiú i ról mo rogha charachtair.
- Scríobhaim léirmheas nó déanaim cur i láthair ó bhéal ar an dráma (scannán) seo.

### Féinmhachnamh...

Rud a tháinig go héasca chugam ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo, músclaíodh (spéis / suim / bród / fiosracht / tuiscint níos doimhne) ionam i leith...

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...



# T1: Litríocht áitiúil/bhéil a théann i gcion orm

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: GAJC4

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam  | Dul chun cinn déanta  | Táim in ann

- Téim sa toir ar fhoinsí logánta litríochta áitiúla / béil idir dhaoine, ghrúpaí agus ionaid. Tarraingím orthu chun téacsanna a roghnú.
- Aithním agus úsáidim foinsí ar líne chun téacsanna litríochta áitiúla / béil a aimsiú agus a roghnú.
- Roghnaím téacs litríochta áitiúla / béil; deirim cén seánra lena mbaineann sé agus míním cén fáth a dtaitníonn (nó nach dtaitníonn) sé liom.
- Déanaim cur síos ar stíl an téacs a roghnaigh mé.
- Aithním gnéithe den chanúint sa téacs a roghnaigh mé agus aithním gnéithe canúnacha a úsáidim féin.
- Déanaim comparáid idir an chanúint sa téacs agus mo chanúint féin.
- Aithním an saibhreas teanga sa téacs agus déanaim mo chuid féin de.
- Déanaim taighde chun teacht ar théacs a bhfuil dhá leagan de (nó níos mó) ar fáil agus déanaim comparáid idir na leaganacha éagsúla.
- Cruthaím mo théacs féin ag déanamh aithrise ar stíl na litríochta béil / stíl an phíosa a ndearna mé staidéar air.

### Féinmhachnamh...

Rud a tháinig go héasca chugam ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo, músclaíodh (spéis / suim / bród / fiosracht / tuiscint níos doimhne) ionam i leith...

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...

# T1: Gn  de phobal agus de chult r na Gaeilge at  t bhachtach dom

## Gaeilge

C duimhir R itis: GAJC5

Dalta:

Rang:

### Is f idir liom:

Tosaithe agam  | Dul chun cinn d anta  | T im in ann

- Aithn m foins  taighde oiri nacha, saineolaithe san  ireamh, agus bainim  s id astu chun oidhreacht shaibhir na Gaeilge a fhiosr .
- Aithn m agus d anaim taighde ar ghn   iti il n  n isi nta de bheochult r na Gaeilge at  t bhachtach dom.
- D anaim cur i l thair ar mo rogha ghn  den bheochult r Gaelach.
- B m ag gn omh  tr  Ghaeilge i mo rogha ghn  den bheochult r lasmuigh den rang.
- Scr ibhaim l irmheas ar fhoins  eolais a bhaineann le ghn  den chult r.
- Bainim leas as na me in dhigiteacha chun mo thuiscint ar an gcult r a fhorbairt.
-  s idim na me in dhigiteacha chun mo thuiscint ar an gcult r a roinnt.
- D anaim compar id idir mo rogha ghn  den chult r Gaelach agus a macasamhail i gcult r eile.
- Aithn m go bhfuil cearta teanga agam mar  s ideoir Gaeilge agus cuirim le m'eolas mar gheall orthu.

### F inmhachnamh...

Rud a th inig go h asca chugam n ...

Rud amh in ar bhain m  taitneamh as n ...

Mar thoradh ar an staid ar seo, m scla odh (sp is / suim / br d / fiosracht / tuiscint n os doimhne) ionam i leith...

Rud amh in at  le feabhs  agam n ...